C/2025/2618

6.5.2025

Foilsiú na teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach formheasta ar shonraíocht táirge le haghaidh tásc geografach i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún ([1])

(C/2025/2618)

FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH A CHUR IN IÚL

(Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143)

‘Cítricos Valencianos / Cítrics Valencians’

Uimh. AE: PGI-ES-0152-AM01 — 12.2.2025

1. **Ainm an táirge**

‘Cítricos Valencianos / Cítrics Valencians’

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☐ ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint (ATFC)

☒ tásc geografach faoi chosaint (TGFC)

☐ tásc geografach (TG)

3. **Earnáil**

☒ Táirgí talmhaíochta

☐ Fíonta

☐ Deochanna biotáilleacha

4. **An tír ar léi an limistéar geografach**

An Spáinn

5. **Údarás an Bhallstáit a bhfuil an leasú caighdeánach á chur in iúl aige**

Ard-Stiúrthóireacht na Forbartha Tuaithe – Rialtas Phobal Féinrialaitheach Valencia

6. **Incháilitheacht mar leasú caighdeánach**

Is leasú caighdeánach é de réir bhrí Airteagal 24(4) de Rialachán (AE) 2024/1143 toisc nach bhfuil i gceist leis athrú ar ainm an táirge faoi chosaint, nach bhfuil an baol ann go gcuirfear an nasc ar neamhní leis agus nach bhfuil aon srian margaíochta i gceist leis.

7. **Tuairisc ar an leasú (nó ar na leasuithe) formheasta**

Míniú go dtagann an leasú (nó na leasuithe) faoi réim an tsainmhínithe ar leasú caighdeánach dá bhforáiltear in Airteagal 24(4) de Rialachán (AE) 2024/1143

Is leasú caighdeánach é de réir bhrí Airteagal 24(4) de Rialachán (AE) 2024/1143 toisc nach bhfuil i gceist leis athrú ar ainm an táirge faoi chosaint, nach bhfuil an baol ann go gcuirfear an nasc ar neamhní leis agus nach bhfuil aon srian margaíochta i gceist leis.

([1]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha a bhaineann le tásca geografacha, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta a chlárú agus a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 (IO L, 2025/27, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/27/oj).

1. *Cineálacha nua a thabhairt isteach atá oiriúnach lena gcur san áireamh*

Déanann an leasú sin difear do Roinn 3.2 den doiciméad aonair dar teideal 'Tuairisc ar an táirge', agus do Roinn B den tsonraíocht táirge.

Cuireadh méid, cion sú agus luachanna innéacs aibíochta thorthaí na gcineálacha a ionchorpraítear leis an leasú sin leis an tábla ina leagtar amach saintréithe na dtorthaí a chumhdaítear le TGFC 'Cítricos Valencianos', atá le feiceáil sa roinn maidir le tuairisc ar an táirge den tsonraíocht táirge.

Cúiseanna leis an leasú atá beartaithe

Is é is cúis leis an leasú sin na hathruithe ar dhálaí aeráide, a bhfuil drochthionchar acu ar bharra, agus ar dhálaí margaíochta araon, a fhágann gur gá do tháirgeoirí síneadh a chur leis an séasúr.

Táirgtear an chuid is mó de thorthaí citris Valencia idir mí na Samhna agus mí Feabhra. Dá thoradh sin, mar aon le costais táirgthe mhéadaithe agus strus uisce a éiríonn as dálaí aeráide athraitheacha sa limistéar, tá marbhántacht agus caillteanas nach beag ioncaim ann do tháirgeoirí.

Chun an táirgeadh a oiriúnú don mhéid sin, is gá cineálacha nua a thabhairt isteach, gan difear a dhéanamh don nasc leis an traidisiún agus lena fhréamhacha ná don mhodh fáis. Tagann na cineálacha atá beartaithe faoi réim na ngrúpaí cineálacha Hibrideacha agus Cleimintín, a n-áirítear iontu cuid de na cineálacha atá ann sa tsonraíocht táirge cheana féin.

Is iad na cineálacha a iarradh a chur isteach Nadorcortt, Orri, Leanri, Mandanova, Murina agus Valley Gold, sa ghrúpa Hibrideach, agus Clemensoon, Orogrós, Neufina agus Sando, sa ghrúpa Cleimintín.

Faoi láthair, tá líon mór feirmeacha ag fás na gcineálacha sin, rud a chiallaíonn gur cineálacha seanbhunaithe iad atá oiriúnaithe don chomhshaol, agus is féidir fáschoillte díobh a fháil i gcuid mhór den limistéar táirgeachta. Chuaigh na cineálacha nua in oiriúint go foirfe d'aeráid na Meánmhara, rud a thug saintréithe áirithe dóibh a idirdhealaíonn iad ó na cineálacha céanna a fhástar in áiteanna eile.

Go hachomair, ligeann saintréithe na gcineálacha beartaithe do tháirgeoirí feabhas a chur ar a méid táirgeachta measta, síneadh a chur leis an séasúr agus a dtáirgí a thairiscint ar feadh tréimhse níos faide le linn na bliana.

Déanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

2. *Roinn I, 'Ceanglais náisiúnta', a scriosadh*

Baineann an leasú sin le Roinn I den tsonraíocht táirge.

Scriosadh an roinn sin, toisc gur aisghaireadh an reachtaíocht a luaitear inti agus nach bhfuil gá leis na tagairtí do reachtaíocht náisiúnta i gcomhréir le struchtúr na sonraíochta a leagtar síos sa reachtaíocht atá ann faoi láthair.

Cúiseanna leis an leasú atá beartaithe

Is é is cúis leis an leasú atá beartaithe go bhfuil tagairtí sa roinn dar teideal 'Ceanglais náisiúnta' do reachtaíocht nach bhfuil i bhfeidhm a thuilleadh os rud é gur aisghaireadh í. Thairis sin, níl gá le tagairtí don reachtaíocht náisiúnta faoin bhformáid nua sonraíochta táirge a leagtar síos in Airteagal 49 de Rialachán (AE) 2024/1143.

Ní dhéanann an leasú difear don doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

1. **Ainm nó ainmneacha (an ATFC nó an TGFC)**

'Cítricos Valencianos / Cítrics Valencians'

2. **Ballstát nó tríú tír**

An Spáinn

3. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta nó táirge bia**

3.1. *Cód Ainmníochta Comhcheangailte*

— 07 – GLASRAÍ AGUS FRÉAMHACHA AGUS TIÚBAIR ÁIRITHE ATÁ INITE

— 08 – TORTHAÍ AGUS CNÓNNA INITE; CRAICEANN TORTHAÍ CITRIS NÓ MEALBHACÁN

— 08 – TORTHAÍ AGUS CNÓNNA INITE; CRAICEANN TORTHAÍ CITRIS NÓ MEALBHACÁN

0805 – Torthaí citris, iad úr nó triomaithe

0805 10 – Oráistí

0805 10 22 – Oráistí imleacáin

— 08 – TORTHAÍ AGUS CNÓNNA INITE; CRAICEANN TORTHAÍ CITRIS NÓ MEALBHACÁN

0805 – Torthaí citris, iad úr nó triomaithe

0805 10 – Oráistí

0805 10 24 – Oráistí bána

— 08 – TORTHAÍ AGUS CNÓNNA INITE; CRAICEANN TORTHAÍ CITRIS NÓ MEALBHACÁN

0805 – Torthaí citris, iad úr nó triomaithe

0805 10 – Oráistí

0805 10 28 – Eile

— 08 – TORTHAÍ AGUS CNÓNNA INITE; CRAICEANN TORTHAÍ CITRIS NÓ MEALBHACÁN

0805 – Torthaí citris, iad úr nó triomaithe

0805 21 – Mandairíní (lena n-áirítear táinséiríní agus satsúmaí)

0805 21 10 – Satsúmaí

— 08 – TORTHAÍ AGUS CNÓNNA INITE; CRAICEANN TORTHAÍ CITRIS NÓ MEALBHACÁN

0805 – Torthaí citris, iad úr nó triomaithe

0805 22 – Cleimintíní

— 08 – TORTHAÍ AGUS CNÓNNA INITE; CRAICEANN TORTHAÍ CITRIS NÓ MEALBHACÁN

0805 – Torthaí citris, iad úr nó triomaithe

0805 29 – Eile

— 08 – TORTHAÍ AGUS CNÓNNA INITE; CRAICEANN TORTHAÍ CITRIS NÓ MEALBHACÁN

0805 – Torthaí citris, iad úr nó triomaithe

0805 50 – Líomóidí (*Citrus limon, Citrus limonum*) agus teilí (*Citrus aurantifolia, Citrus latifolia*)

0805 50 10 – Líomóidí (*Citrus limon, Citrus limonum*)

— 10 – GRÁNAIGH

— 11 – TÁIRGÍ AN TIONSCAIL MHUILLEOIREACHTA; BRAICH; STÁIRSÍ; IONÚILIN; GLÚTAN CRUITHNEACHTA

— 20 – ULLMHÓIDÍ GLASRAÍ, TORTHAÍ, CNÓNNA NÓ CODANNA EILE DE PHLANDAÍ

3.2. *Tuairisc ar an táirge lena mbaineann an t-ainm in (1)*

Torthaí an chrainn oráistí (*Citrus sinensis,* L.), an chrainn mandairíní (*Citrus reticulata* Blanco) agus an chrainn líomóidí (*Citrus limon* L.).

Beidh na torthaí citris seo a leanas faoi chosaint ag TGFC 'Cítricos Valencianos':

— oráistí: Cineálacha oráiste Imleacáin, Coitianta agus Craorag atá liostaithe sa tábla thíos agus ina bhfuil na saintréithe atá sonraithe ann;

— mandairíní: cineálacha Satsúma, Cleimeintín agus Hibrideacha a liostaítear sa tábla thíos agus ina bhfuil na saintréithe atá sonraithe ann;

— líomóidí: na cineálacha atá liostaithe sa tábla thíos agus ina bhfuil na saintréithe atá sonraithe ann.

GRÚPA	CINEÁL	TRASTOMHAS (mm)	% SÚ (*)	INNÉACS AIBÍOCHTA (**)
SATSÚMAÍ	CLAUSELLINA	54-78	40	7
	OKITSU	54-78	40	7
	OWARI	54-78	40	7
	IWASAKI	54-78	40	7
HIBRIDÍ	ELLENDALE	54-78	40	7,5
	FORTUNE	54-78	40	8
	KARA	54-78	40	7,5
	NOVA	54-78	40	7,5
	ORTANIQUE	54-78	40	8
	MONCADA	54-78	40	7,5
	NADORCOTT	54-78	40	7,5
	ORRI	54-78	40	7,5
	LEANRI	54-78	40	7,5
	MANDANOVA	54-78	40	7,5
	MURINA	54-78	40	7,5
	VALLEY GOLD	54-78	40	7,5
CLEIMINTÍNÍ	ARRUFATINA	46-78	40	7,5
	CLEMENTARD	46-78	40	7,5
	CLEMENTINA FINA	46-78	40	7,5
	CLEMENULES	46-78	40	7,5
	ESBAL	46-78	40	7,5
	HERNANDINA	46-78	40	7,5
	MARISOL	46-78	40	7,5
	OROGRANDE	46-78	40	7,5
	ORONULES	46-78	40	7,5
	OROVAL	46-78	40	7,5

GRÚPA	CINEÁL	TRASTOMHAS (mm)	% SÚ (*)	INNÉACS AIBÍOCHTA (**)
	TOMATERA	46-78	40	7,5
	LORETINA	46-78	40	7,5
	BEATRIZ	46-78	40	7,5
	CLEMENPONS	46-78	40	7,5
	NOUR	46-78	40	7,5
	CAPOLA (MIORO)	46-78	40	7,5
	CLEMENRUBÍ	46-78	40	7,5
	CLEMENSOON	46-78	40	7,5
	OROGRÓS	46-78	40	7,5
	NEUFINA	46-78	40	7,5
	SANDO	46-78	40	7,5
ORÁISTÍ IMLEACÁIN	LANE LATE	70-100	35	7
	NAVELATE	70-100	35	7
	NAVELINA	70-100	35	7
	NEWHALL	70-100	35	7
	WASHINGTON NAVEL	70-100	35	7
	CARACARA	70-100	35	7
	POWELL SUMMER	70-100	35	7
	BARNFIELD LATE	70-100	35	7
	CHISLETT SUMMER	70-100	35	7
	FUKUMOTO	70-100	35	7
	ROHDE SUMMER	70-100	35	7
ORÁISTÍ COITIANTA	SALUSTIANA	67-96	35	7
	VALENCIA LATE	67-96	35	7
	V. DELTA SEEDLESS	67-96	35	7
	V. MIDKNIGHT	67-96	35	7
	BARBERINA	67-96	35	7

GRÚPA	CINEÁL	TRASTOMHAS (mm)	% SÚ (*)	INNÉACS AIBÍOCHTA (**)
ORÁISTÍ CRAORAG	SANGUINELLI	60-96	35	7
LÍOMÓIDÍ	FINO (MESERO)	48-67	25	—
	VERNA	48-67	30	—
	EUREKA	48-67	25	—

(*) I ndáil le meáchan iomlán na dtorthaí. Brúite de láimh.
(**) Cóimheas íosta siúcra/aigéid mar a shainmhínítear é i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 543/2011 ón gCoimisiún an 7 Meitheamh 2011 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle i leith earnáil na dtorthaí agus na nglasraí agus earnáil na dtorthaí agus na nglasraí próiseáilte.

Aicmeofar na torthaí citris a chumhdaítear leis an TGFC sna catagóirí 'Breis' agus 'I', i gcomhréir leis an gcaighdeán cáilíochta ábhartha.

3.3. *Beatha (i gcás táirgí de thionscnamh ainmhíoch amháin) agus amhábhair (i gcás táirgí próiseáilte amháin)*

—

3.4. *Céimeanna sonracha táirgthe nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe*

Ní mór na torthaí citris a fhás sa limistéar geografach.

3.5. *Rialacha sonracha maidir le sliseadh, grátáil, pacáistiú, etc. an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Ní mór an táirge a phacáil i bpacáistíocht bhiaghráid.

3.6. *Rialacha sonracha maidir le lipéadú an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Ní ceadmhach torthaí citris an TGFC a dhíol ach amháin i bpacáistíocht ar a bhfuil lipéad tánaisteach uimhrithe. Ní mór na focail seo a leanas a bheith ar lipéid agus ar lipéid thánaisteacha: *Indicación Geográfica Protegida* 'Cítricos Valencianos' nó 'Citrics Valencians'.

4. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach**

Táirgtear TGFC 'Cítricos Valencianos' sna ceantair seo a leanas i gcúigí Castellón, Valencia agus Alicante, atá údaraithe chun torthaí citris TGFC 'Cítricos Valencianos' a fhás:

CASTELLÓ/CASTELLÓN

El Baix Maestrat: Alcalà de Xivert, Benicarló, Càlig, Cervera del Maestre, Peníscola/Peñíscola, Sant Jordi / San Jorge, San Rafael del Río, Santa Magdalena de Pulpis, Traiguera agus Vinaròs.

La Plana Alta: Almassora/Almazora, Benicàssim/Benicasim, Borriol, Cabanes, Castelló de la Plana / Castellón de la Plana, Les Coves de Vinromà, Orpesa / Oropesa del Mar, Sant Joan de Moró, Torreblanca agus Vilanova d'Alcolea.

La Plana Baixa: Alfondeguilla, Almenara, Alquerias del Niño Perdido, Artana, Betxí, Borriana/Burriana, Xilxes/Chilches, Eslida, La Llosa, Moncofa, Nules, Onda, Ribesalbes, Tales, La Vall d'Uixó, Vilareal agus La Vilavella.

L'Alcalatén: l'Alcora.

L'Alt Millars: Argelita, Espadilla, Fanzara, Toga, Torrechiva agus Vallat.

L'Alt Palància: Castellnovo, Geldo, Navajas, Segorbe, Soneja agus Sot de Ferrer. VALÈNCIA/VALENCIA

El Camp de Morvedre: Albalat dels Tarongers, Alfara de la Baronia, Algar de Palancia, Algimia de Alfara, Benavites, Benifairó de les Valls, Canet d'En Berenguer, Estivella, Faura, Gilet, Petrés, Quart de les Valls, Quartell, Sagunt/Sagunto, Segart agus Torres Torres.

L'Horta Nord: Albalat dels Sorells, Alboraya, Albuixech, Alfara del Patriarca, Almàssera, Bonrepòs i Mirambell, Burjassot, Foios, Godella, Massalfassar, Massamagrell, Meliana, Moncada, Museros, La Pobla de Farnals, Puçol, Puig, Rafelbunyol/Rafelbuñol, Rocafort, Tavernes Blanques agus Vinalesa.

L'Horta Oest: Alaquàs, Aldaia, Manises, Paterna, Picanya, Quart de Poblet, Torrent, Xirivella agus València.

L'Horta Sud: Albal, Alcàsser, Alfafar, Beniparrell, Catarroja, Llocnou de la Corona, Massanassa, Paiporta, Picassent, Sedaví agus Silla.

El Camp de Túria: Benaguasil, Benisanó, Bétera, Casinos, L'Eliana, Loriguilla, Llíria, Marines, Náquera, Olocau, La Pobla de Vallbona, Riba-roja de Túria, San Antonio de Benagéber, Serra agus Vilamarxant.

Els Serrans: Bugarra, Chulilla, Domeño, Gestalgar, Loriguilla, Losa del Obispo, Pedralba, Sot de Chera agus Villar del Arzobispo.

La Foia de Bunyol, Alborache, Buñol, Cheste, Chiva, Dos Aguas, Godelleta, Macastre agus Yátova.

La Ribera Alta: Alberic, Alcàntera de Xúquer, L'Alcúdia, Alfarp, Algemesí, Alginet, Alzira, Alzira (La Garrofera), Antella, Beneixida, Benifaió, Benimodo, Benimuslem, Carcaixent, Càrcer, Carlet, Catadau, Cotes, L'Énova, Gavarda, Guadassuar, Llombai, Manuel, Massalavés, Montserrat, Montroy, La Pobla Llarga, Rafelguaraf, Real, Sant Joanet, Sellent, Senyera, Sumacàrcer, Tous, Turís agus Villanueva de Castellón.

La Ribera Baixa: Albalat de la Ribera, Almussafes, Benicull de Xúquer, Corbera, Cullera, Favara, Fortaleny, Llaurí, Polinyà de Xúquer, Riola, Sollana agus Sueca.

La Canal de Navarrés: Anna, Bicorp, Bolbaite, Chella, Enguera, Navarrés agus Quesa.

La Costera: L'Alcúdia de Crespins, Barxeta, Canals, Cerdà, Estubeny, Genovés, La Granja de la Costera, Llanera de Ranes, Llocnou d'En Fenollet, La Llosa de Ranes, Moixent/Mogente, Montesa, Novetlè/Novelé, Rotglà i Corberà, Torrella, Vallada, Vallés agus Xàtiva (el Realenc).

La Safor: Ador, Alfauir, Almiserà, Almoines, L'Alqueria de la Comtessa, Barx, Bellreguard, Beniarjó, Benifairó de la Valldigna, Beniflá, Benirredrà, Castellonet de la Conquesta, Daimús, La Font d'En Carròs, Gandia, Guardamar de la Safor, Llocnou de Sant Jeroni, Miramar, Oliva, Palma de Gandía, Palmera, Piles, Potríes, Rafelcofer, Real de Gandía, Rótova, Simat de la Valldigna, Tavernes de la Valldigna, Villalonga, Xeraco agus Xeresa.

La Vall d'Albaida: Agullent, Aielo de Malferit, Aielo de Rugat, Albaida, Alfarrasí, Atzeneta d'Albaida, Bèlgida, Beniatjar, Benicolet, Benigánim, Benissoda, Carrícola, Castelló de Rugat, Llutxent, Montaverner, Montitxelvo/Montichelvo, L'Olleria, Ontinyent, Otos, El Palomar, Pinet, La Pobla del Duc, Quatretonda, Rugat agus Terrateig.

ALACANT/ALICANTE

La Marina Alta: Adsubia, Alcalalí, Beniarbeig, Benidoleig, Benigembla, Benimeli, Benissa, El Poble Nou de Benitatxell/Benitachell, Calp, Dénia, Gata de Gorgos, Xaló, Llíber, Murla, Ondara, Orba, Parcent, Pedreguer, Pego, Els Poblets, El Ràfol d'Almúnia, Sagra, Sanet y Negrals, Senija, La Setla / Mira-rosa / Miraflor, Teulada, Tormos, Vall de Gallinera, La Vall de Laguar, El Verger agus Xàbia/Jávea.

La Marina Baixa: L'Alfàs del Pi, Altea, Beniardá, Benidorm, Benimantell, Bolulla, Callosa d'en Sarrià, Confrides, Finestrat, El Castell de Guadalest, La Nucia, Orxeta, Polop, Sella, Tàrbena agus La Vila Joiosa / Villajoyosa.

L'Alacantí: Aigües, Alacant/Alicante, El Campello, Mutxamel, Sant Vicent del Raspeig / San Vicente del Raspeig agus Sant Joan d'Alacant.

El BaixVinalopó: Crevillent, Elx/Elche agus Santa Pola.

El Baix Segura: Albatera, Algorfa, Almoradí, Benejúzar, Benferri, Benijófar, Bigastro, Callosa de Segura, Catral, Cox, Daya Nueva, Daya Vieja, Dolores, Formentera del Segura, Granja de Rocamora, Guardamar del Segura, Jacarilla, Los Montesinos, Orihuela, Pilar de la Horadada, Rafal, Redován, Rojales, San Fulgencio, San Isidro, San Miguel de Salinas agus Torrevieja.

5. **Nasc leis an limistéar geografach**

5.1. *Sainiúlacht an limistéir gheografaigh*

Stairiúil

As measc na limistéar táirgeachta citris ar fad ar domhan, is ag Comhphobal Valencia atá an traidisiún fáis citris is domhain-fréamhaithe. Tá tagairtí stairiúla ann d'fhás citris i réigiún Valencia ag dul siar na céadta blianta. Luaigh Francesc Eiximenis (1340-1409) gurbh ann do gharráin oráistí agus líomóidí in *Regiment de la Cosa Pública*, agus é ag cur síos ar bhuanna Valencia. In 'Turas tríd an Spáinn agus tríd an bPortaingéil' (1494) chuir Münzer síos ar Valencia mar áit ina bhfuil 'flúirse oráistí, líomóidí, ciotrón agus an iliomad cineálacha eile crann torthaí' agus dúirt sé freisin 'gur tógadh iad chun gairdín na cathrach a fheiceáil, agus é plandaithe go sármhaith le crainn líomóidí, oráistí, ciotrón agus pailme'. Luann Laguna, ina aistriúchán ar *Materia Medica* (1570) le Dioscorides, oráistí agus líomóidí agus deir sé 'los valencianos llaman toronja a la naranja' [gur 'toronja' an focal Vaileinsise ar oráiste, rud a chiallaíonn 'seadóg' sa Spáinnis Chaistíleach chomhaimsire]. Ag deireadh an 18ú haois, luaigh an luibheolaí Cabanilles oráistí Síneacha a tháirgeann 4 000 *tahullas* [sean-aonad tomhais], ar táirgeacht é atá níos mó ná aon bharr eile.

Baineann na chéad fháschoillte tráchtála le haghaidh an mhargaidh úir le deireadh an 18ú haois agus tá méadú tagtha orthu go seasta chun figiúr an lae inniu a bhaint amach, is é sin thart faoi 85 000 ha de chrainn oráistí, 83 000 ha de chrainn mandairíní agus 15 000 ha de chrainn líomóidí. Leis sin, tháinig teicnící fáis sonracha chun cinn, agus iad bunaithe ar oiriúnú is fearr an bhairr sin don chomhthéacs agra-aeráide agus ar dhíriú ar tháirgeadh torthaí ardcháilíochta.

Is teist é Músaem Oráistí Burriana (Castellón) ar an tábhacht a bhaineann le fás oráistí i gComhphobal Valencia.

Nádúrtha

I gComhphobal Valencia, tagann laghdú ar an mbáisteach ón tuaisceart go dtí an deisceart, ó thart ar 450 mm i dtuaisceart Castellón go dtí méid níos lú ná 300 mm i ndeisceart Alicante.

Fástar torthaí citris i ngach ceann de thrí chúige Chomhphobal Valencia (Alicante, Valencia agus Castellón), agus cé go raibh na limistéir táirgeachta go traidisiúnta ar an gcósta agus i ngleannta na n-aibhneacha mar gheall ar an mbaol seaca istigh faoin tír, tá na limistéir intíre tar éis teacht chun bheith oiriúnach anois freisin chun crainn citris a fhás iontu: bíonn geimhrí cineálta ann agus ní bhíonn na samhraí róthe, tá difríocht teochta dea-shainithe idir lá agus oíche agus bíonn gaotha ann nach bhfuil te ná tirim.

5.2. *Sainiúlacht an táirge*

Oráistí

Is tosca iad scil theicniúil na saothróirí in Valencia, agus a saineolas ar an mbarr, ar an ithir agus ar an aeráid, a chuidíonn le torthaí a tháirgeadh a bhfuil saintréithe orgánaileipteacha ar leith acu, a mhéid a bhaineann le blas (aigéadacht/milseacht) agus dath (oráiste níos déine), dea-bholaithe agus súmhaireacht.

Tá craiceann tanaí ag oráistí Valencia, gan mórán marcanna ná lot seachtrach.

Ní tháirgtear an oiread céanna cineálacha in aon limistéar eile, cineálacha a bhfuil dath saintréitheach agus dea-bholadh marthanach ar gach ceann díobh.

Mandairíní

Is tosca iad scil theicniúil na saothróirí in Valencia agus an saineolas atá aige ar an mbarr, ar an ithir agus ar an aeráid a chuidíonn le torthaí a tháirgeadh a bhfuil saintréithe orgánaileipteacha ar leith iontu, a mhéid a bhaineann le blas (aigéadacht/milseacht) agus dath (oráiste níos déine), dea-bholaithe agus súmhaireacht araon.

Tá craiceann tanaí ag mandairíní Valencia, gan mórán marcanna ná lot seachtrach.

Ní tháirgtear an oiread céanna cineálacha in aon limistéar eile, cineálacha a bhfuil dath saintréitheach agus dea-bholadh marthanach ar gach ceann díobh. Fágann sé sin gur sinne an t-onnmhaireoir mandairíní is mó ar domhan.

Líomóidí

Is tosca iad scil theicniúil na saothróirí in Valencia, agus a saineolas ar an mbarr, ar an ithir agus ar an aeráid, a chuidíonn le torthaí a tháirgeadh a bhfuil saintréithe orgánaileipteacha ar leith iontu: an bia ina bhfuil neart sú a bhfuil cion ard aigéid ann, an dath (buí an-dian) agus cumhracht iontach.

Bíonn craiceann tanaí ag líomóidí Valencia, gan mórán marcanna ná lot seachtrach.

5.3. *Nasc cúisíoch idir an limistéar geografach agus cáilíocht nó saintréithe an táirge (i gcás ATFC) nó cáilíocht shonrach an táirge, an cháil atá air nó saintréith eile atá ann (i gcás TGFC)*

Oráistí

Tá oráistí á bhfás sa timpeallacht áitiúil sin ón tráth ar thug na hArabaigh isteach iad, ar timpeallacht é a thugann saintréithe ar leith d'oráistí Valencia a idirdhealaíonn iad ó oráistí a fhástar in áiteanna eile, agus is amhlaidh atá mar gheall ar roinnt fachtóirí.

Ní dhéanann na gaotha te, tirime atá i réim i limistéir eile damáiste d'oráistí Valencia ar an gcrann agus mar thoradh air sin tá craiceann tanaí acu, gan mórán marcanna ná lot seachtrach.

Tá limistéir saothraithe crann citris Valencia suite ar an teorainn gheografach le haghaidh fás oráistí a mhéid a bhaineann leis an teocht, agus tá sé sin fabhrach, ar chúiseanna éagsúla, do tháirgeadh torthaí ardcháilíochta:

1. Ciallaíonn na geimhrí cineálta agus na samhraí nach bhfuil róthe go mbaineann na horáistí an aibíocht is fearr amach go mall agus mar sin tá cóimheas aigéadachta/milseachta níos fearr acu ná oráistí a fhástar i gcodanna níos teo den domhan (a bhíonn i bhfad níos milse de ghnáth agus nach mbíonn chomh blasta céanna). Dá thoradh sin, bíonn blas níos fearr orthu.

2. 2. Tugann an difríocht teochta dea-shainithe idir lá agus oíche dath níos déine do na oráistí, ar an taobh istigh agus ar an taobh amuigh araon. Tá imir shainiúil oráiste ag oráistí Valencia, ar imir í a bhíonn níos déine de ghnáth ná oráistí a fhástar in áiteanna eile.

3. Spreagann na teochtaí séimhe foirmiú blátholaí sa chraiceann freisin, rud a dhéanann difear do chodán aramatach na dtorthaí freisin.

Dá bhrí sin, bíonn tionchar ag na dálaí teochta i limistéir saothraithe crann citris Valencia ar bhlas, ar dhath agus ar dhea-bholadh na dtorthaí.

Maidir le haeráid na Meánmhara, ar saintréithe dá cuid samhraí nach bhfuil róthe agus gaotha taise den chuid is mó, téann sí chun tairbhe do na horáistí freisin, rud a dhéanann difear go príomha dá gcuma.

Mandairíní

Tugann an timpeallacht áitiúil, ina bhfuil mandairíní á bhfás ón tráth a thug na hArabaigh isteach iad, saintréithe ar leith do mhandairíní Valencia a idirdhealaíonn iad ó mhandairíní a fhástar in áiteanna eile, agus is amhlaidh atá mar gheall ar roinnt fachtóirí.

Ní dhéanann na gaotha te, tirime atá i réim i gceantair eile damáiste do mhandairíní Valencia ar an gcrann agus dá thoradh sin bíonn craiceann tanaí acu, gan mórán marcanna ná lot seachtrach.

Tá limistéir saothraithe crann citris Valencia suite ar an teorainn gheografach le haghaidh fás mandairíní a mhéid a bhaineann leis an teocht, agus tá sé sin fabhrach, ar chúiseanna éagsúla, do tháirgeadh torthaí ardcháilíochta:

1. Ciallaíonn na geimhrí cineálta agus na samhraí nach bhfuil róthe go sroicheann na mandairíní an aibíocht is fearr go mall agus mar sin bíonn cóimheas aigéadachta/milseachta níos fearr acu ná mandairíní a fhástar i gcodanna níos teo den domhan (a bhíonn i bhfad níos milse agus nach mbíonn chomh blasta céanna). Dá thoradh sin, bíonn blas níos fearr orthu.

2. Tugann an difríocht teochta dea-shainithe idir lá agus oíche dath níos déine do na mandairíní, ar an taobh istigh agus ar an taobh amuigh araon. Tá imir shainiúil oráiste ag mandairíní Valencia, atá níos déine de ghnáth ná mandairíní a fhástar in áiteanna eile.

3. Spreagann na teochtaí séimhe foirmiú blátholaí sa chraiceann freisin, rud a dhéanann difear do chodán aramatach na dtorthaí freisin.

Dá bhrí sin, bíonn tionchar ag na dálaí teochta i limistéir saothraithe crann citris Valencia ar bhlas, ar dhath agus ar dhea-bholadh na dtorthaí.

Maidir le haeráid na Meánmhara, ar saintréithe dá cuid samhraí nach bhfuil róthe agus gaotha taise den chuid is mó, téann sí chun tairbhe do na mandairíní freisin, rud a dhéanann difear go príomha dá gcuma.

Líomóidí

Tugann an timpeallacht áitiúil, ina bhfuil líomóidí á bhfás ón tráth a thug na hArabaigh isteach iad, saintréithe ar leith do líomóidí Valencia a idirdhealaíonn iad ó líomóidí a fhástar in áiteanna eile, agus is amhlaidh atá mar gheall ar roinnt fachtóirí.

Ní dhéanann na gaotha te, tirime atá i réim i gceantair eile damáiste do líomóidí Valencia ar an gcrann agus dá thoradh sin bíonn craiceann tanaí acu, gan mórán marcanna ná lot seachtrach.

Tá limistéir saothraithe crann citris Valencia suite ar an teorainn gheografach le haghaidh fás líomóidí a mhéid a bhaineann leis an teocht, agus tá sé sin fabhrach, ar chúiseanna éagsúla, do tháirgeadh torthaí ardcháilíochta:

1. Ciallaíonn na geimhrí agus samhraí séimhe nach mbíonn róthe go sroicheann na líomóidí an aibíocht is fearr go mall agus mar sin bíonn cion aigéid níos fearr acu ná mar a bhíonn ag líomóidí a fhástar i gcodanna níos teo den domhan (nach mbíonn an blas céanna orthu de ghnáth).
2. Tugann an difríocht teochta dea-shainithe idir lá agus oíche dath níos déine do na líomóidí, ar an taobh istigh agus ar an taobh amuigh araon. Tá imir shainiúil bhuí ar líomóidí Valencia, atá níos déine de ghnáth ná líomóidí a fhástar in áiteanna eile.
3. Spreagann na teochtaí séimhe foirmiú blátholaí sa chraiceann freisin, rud a dhéanann difear do chodán aramatach na dtorthaí freisin.

Dá bhrí sin, bíonn tionchar ag na dálaí teochta i limistéir saothraithe crann citris Valencia ar aigéadacht, ar dhath agus ar dhea-bholadh na dtorthaí.

Maidir le haeráid na Meánmhara, ar saintréithe dá cuid samhraí nach bhfuil róthe agus gaotha taise den chuid is mó, téann sí chun tairbhe do na líomóidí freisin, rud a dhéanann difear go príomha dá gcuma.

Tagairt d'fhoilsiú na sonraíochta táirge

https://breu.gva.es/b/P9euad0GUe